An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

4 Samhain 2025

Ábhar: Abair Do Chuid - Suirbhé ar Bhunscoileanna

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Táimid ag iarraidh ort mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir le leanaí sa bhunscoil '**Abair Do Chuid**' faoi do bhunscoil. Tá an méid sin á dhéanamh againn trí shuirbhé gearr faoi rún. Tógfaidh sé 5 nóiméad ar a mhéad chun é a chomhlánú. Is suirbhé tábhachtach é seo agus is é seo an chéad uair atá suirbhé den scála seo á reáchtáil ag an Roinn Oideachais agus Óige. Cabhróidh torthaí an tsuirbhé leis an roinn pleanáil don chaoi ina soláthrófar oideachas ar an leibhéal bunscoile.

Conas an suirbhé a chomhlánú
Cliceáil ar an nasc thíos chun páirt a ghlacadh ann: www.gov.ie/primaryschoolsurvey

Ní thógann sé ach 5 nóiméad!

I gcás tuismitheoirí agus caomhnóirí nach bhfuil in ann suirbhé ar líne a chomhlánú ar chúiseanna pearsanta, déan teagmháil leis an roinn ag an seoladh seo a leanas chun cabhair a fháil: schoolsurvey@education.gov.ie

Beidh ort d'Éirchód a bheith ar eolas agat chun an suirbhé a chomhlánú. Mura bhfuil d'Éirchód ar eolas agat, is féidir leat é a aimsiú anseo: www.eircode.ie/

Ní úsáidfimid d'Éircód **ach amháin** le haghaidh an tsuirbhé seo agus chun críocha pleanála scoile amach anseo. **Cinntigh go bhfuil d'Éirchód ag do scoil chun a chinntiú go ndéanfar do chuid roghanna a thaifeadadh do do scoil.**

Cén fáth ar cheart duit páirt a ghlacadh ann?
Léiríonn pobail scoile an tsochaí shaibhir éagsúil ina mairimid. Ba mhaith linn tuiscint a fháil ar roghanna tuismitheoirí agus caomhnóirí maidir leis na bunscoileanna a bhfreastalaíonn a leanaí orthu faoi láthair nó a bhfreastalóidh siad orthu sna blianta atá le teacht.

Cé na ceisteanna a chuirfear orm?
Cuirfimid líon beag ceisteanna ort, lena n-áireofar na ceisteanna seo a leanas:

“Arbh fhearr leat go mbeadh do bhunscoil ina scoil chomhoideachais nó ina scoil aonghnéis?
Arbh fhearr leat go n-oibreodh do bhunscoil faoi phátrún sainchreidmheach (reiligiúnach) nó go n-oibreodh sí faoi phátrún il-sainchreidmheach (neamhreiligiúnach)?
Arbh fhearr leat go soláthródh do bhunscoil oideachas trí Bhéarla nó trí Ghaeilge go príomha?”

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil anseo: www.gov.ie/primaryschoolsurvey

Conas a úsáidfear m’fhaisnéis?
Coinneofar do fhreagraí faoi rún agus ní chuirfear in iúl iad d’aon duine eile. Cabhróidh na freagraí ó do scoil leis an roinn agus le do scoil pleanáil don todhchaí.

Tabhair faoi deara: níl an suirbhé ina chuid den phróiseas rollaithe scoile. Má tá leanbh nach bhfuil ar scoil fós agat, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le scoileanna chun do leanbh a rollú ar an ngnáthbhealach.

Cad a dhéanfar le torthaí an tsuirbhé?
Foilseofar torthaí achoimre ardleibhéil tosaigh (rátaí freagartha) go luath 2026.

Cabhróidh torthaí an tsuirbhé leis an roinn soláthar oideachais a phleanáil ag an mbunleibhéal.

Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil más mian liom plé a dhéanamh ar sholáthar riachtanas speisialta oideachais do mo leanbh/leanaí?
Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun feabhas a chur ar na seirbhísí oideachais a sholáthraítear do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le béim ar leith ar leanaí. Soláthraítear seirbhís áitiúil CNOS trína líonra náisiúnta Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSOanna), a idirghníomhaíonn le tuismitheoirí agus le scoileanna. Tá méadú tagtha ar an líon ERSOanna ó 65 duine go 120 duine, agus é mar aidhm leis an méadú sin leibhéal feabhsaithe seirbhíse a sholáthar do thuismitheoirí agus do scoileanna.

Mar chuid den phleanáil chun cinn don soláthar oideachais speisialta, tá sé mar aidhm ag an CNOS cabhair a thabhairt do thuismitheoirí atá ag lorg socrúchán i rang speisialta/i scoil speisialta dá leanbh/dá nduine óg. Ba chóir do thuismitheoirí leanaí agus daoine óga atá ag lorg ranga speisialta nó áit scoile speisialta teagmháil a dhéanamh leis an CNOS agus aird a thabhairt ar an bpróiseas bliantúil agus ar na h-amlínte maidir le fógra a thabhairt don CNOS. Mar shampla, iarradh ar dhaoine atá ag lorg ranga speisialta nó áit scoile speisialta don bhliain scoile 2026/2027 é sin a chur in iúl don CNOS faoin 1 Deireadh Fómhair 2025.
Eolas teagmhála CNOS: www.ncse.ie/contact-the-ncse

An bhfuil aon cheisteanna agat?
Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.gov.ie/primaryschoolsurvey

Ná caill an deis do Abair Do Chuid!

Dúnfar an suirbhé an 16 Nollaig 2025.

Go raibh maith agat as do chuid ama agus as d'ionchur luachmhar.
Is mise le meas,

Dermot Brown Príomhoifigeach
An Rannán um Athchumrú agus Bainistíocht Réadmhaoine Scoile
An Roinn Oideachais agus Óige

Tuilleadh faisnéise faoin Suirbhé ar Bhunscoileanna

Cad é an Suirbhé ar Bhunscoileanna?
Sa Suirbhé ar Bhunscoileanna, iarrtar ar thuismitheoirí, ar chaomhnóirí, ar bhaill foirne scoile agus ar bhaill de bhoird bhainistíochta '**Abair Do Chuid** ' faoina mbunscoil. Úsáidfidh an Roinn Oideachais agus Óige torthaí an tsuirbhé chun pleanáil faoin gcaoi a sholáthrófar oideachas ar an leibhéal bunscoile.

Cé atá in ann an suirbhé a dhéanamh?
- Tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí nach bhfuil sa bhunscoil go fóill
- Tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí atá sa bhunscoil
- Baill foirne i mbunscoileanna
- Baill de bhoird bainistíochta bunscoile

Conas a dhéanaim an suirbhé?
Tuismitheoirí agus caomhnóirí – Cliceáil ar an nasc thíos chun páirt a ghlacadh ann: www.gov.ie/primaryschoolsurvey

Beidh d'Éirchód ag teastáil uait chun an suirbhé a dhéanamh. Ní úsáidfear d'Éircód ach le haghaidh an tsuirbhé seo amháin. Aimsigh d'Éirchód

Baill foirne scoile agus baill den bhord bainistíochta – Cliceáil ar an nasc thíos chun páirt a ghlacadh ann: www.gov.ie/primaryschoolsurvey
Beidh uimhir aitheantais phearsanta (UAP) ag teastáil uait chun an suirbhé a dhéanamh. Beidh an roinn ag seoladh na UAPanna sin chuig scoileanna ón 7 Samhain 2025 ar aghaidh.

Cé na ceisteanna a chuirfear orm?
Cuirfear líon beag ceisteanna ort, lena n-áireofar na ceisteanna seo a leanas:

"Rogha maidir le scoil chomhoideachais nó scoil aonghnéis
Arbh fhearr leat go mbeadh do bhunscoil ina scoil chomhoideachais nó ina scoil aonghnéis?

- Scoil chomhoideachais
- Scoil aonghnéis

Rogha maidir le pátrúnacht/éiteas
Arbh fhearr leat go n-oibreodh do bhunscoil faoi phátrún sainchreidmheach (reiligiúnach) nó go n-oibreodh sí faoi phátrún il-sainchreidmheach (neamhreiligiúnach)?

- pátrún sainchreidmheach (reiligiúnach)
- pátrún il-sainchreidmheach (neamhreiligiúnach)

Rogha maidir le teanga (oideachas trí Bhéarla nó oideachas trí Ghaeilge)
Arbh fhearr leat go soláthródh do bhunscoil oideachas trí Bhéarla nó trí Ghaeilge go príomha?

- oideachas trí Bhéarla
- oideachas trí Ghaeilge

Más tuismitheoir nó caomhnóir thú, iarrfar ort mionsonraí eile a thabhairt chomh maith. Iarrfar ort d'Éirchód a thabhairt agus fiafrófar díot an bhfuil leanaí agat sa bhunscoil faoi láthair agus an bhfuil leanaí a thosóidh ar an scoil sna blianta atá le teacht agat.

Cén uair is féidir liom an suirbhé a dhéanamh?
Is féidir leat an suirbhé a dhéanamh idir seo agus an 16 Nollaig 2025.

Cá fhad a thógfaidh sé chun an suirbhé a dhéanamh?
Ní thógann sé ach 5 nóiméad chun an suirbhé a chomhlánú.

Conas a úsáidfear m'fhaisnéis?
Coinneofar do fhreagraí faoi rún agus ní chuirfear in iúl iad d'aon duine eile. Cabhróidh na freagraí ó do scoil leis an roinn agus le do scoil pleanáil don todhchaí.

Cad a dhéanfar le torthaí an tsuirbhé?
Is é an suirbhé an chéad chéim i bpróiseas idirphlé chuimsithigh chun cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Óige pleanáil a dhéanamh ar an leibhéal bunscoile.
Beidh ráta freagartha ard tábhachtach nuair a bheifear ag déanamh anailís ar thorthaí an tsuirbhé. Úsáidfimid torthaí an tsuirbhé chun ionchur a chur lenár n-anailís ar shonraí náisiúnta, ar shonraí áitiúla agus ar shonraí atá sonrach don scoil chun cabhrú linn pleanáil ar leibhéal na bunscoile. Oibreoimid i gcomhar leis na páirtithe leasmhara iomchuí i gcás go mbeidh tuismitheoirí agus caomhnóirí do scoile i bhfabhar athruithe.

Cén uair a chuirfear torthaí an tsuirbhé ar fáil?
Foilseofar torthaí achoimre ardleibhéil tosaigh (rátaí freagartha) go luath 2026.

Cabhróidh torthaí an tsuirbhé leis an roinn soláthar oideachais a phleanáil ag an mbunleibhéal

Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil más mian liom plé a dhéanamh ar sholáthar riachtanas speisialta oideachais do mo leanbh/leanaí?
Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun feabhas a chur ar na seirbhísí oideachais a sholáthraítear do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le béim ar leith ar leanaí. Soláthraítear seirbhís áitiúil CNOS trína líonra náisiúnta Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSOanna), a idirghníomhaíonn le tuismitheoirí agus le scoileanna. Tá méadú tagtha ar an líon ERSOanna ó 65 duine go 120 duine, agus é mar aidhm leis an méadú sin leibhéal feabhsaithe seirbhíse a sholáthar do thuismitheoirí agus do scoileanna.

Mar chuid den phleanáil chun cinn don soláthar oideachais speisialta, tá sé mar aidhm ag an CNOS cabhair a thabhairt do thuismitheoirí atá ag lorg socrúchán i rang speisialta/i scoil speisialta dá leanbh/dá nduine óg.

Ba chóir do thuismitheoirí leanaí agus daoine óga atá ag lorg ranga speisialta nó áit scoile speisialta teagmháil a dhéanamh leis an CNOS agus aird a thabhairt ar an bpróiseas bliantúil agus ar na h-amlínte maidir le fógra a thabhairt don CNOS. Mar shampla, iarradh ar dhaoine atá ag lorg ranga speisialta nó áit scoile speisialta don bhliain scoile 2026/2027 é sin a chur in iúl don CNOS faoin 1 Deireadh Fómhair 2025.

Eolas teagmhála CNOS: www.ncse.ie/contact-the-ncse

Tá aon teagmháil a dhéanann tuismitheoir nó caomhnóir leis an CNOS agus/nó leis an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais maidir le soláthar riachtanas speisialta ar leithligh ar fad ón suirbhé ar bhunscoileanna. Coinneofar na freagraí uile ar an suirbhé faoi rún. Cosnófar céannacht na ndaoine a fhreagraíonn an suirbhé seo. Ní fhoilseofar aon fhreagra aonair ná ní thabharfar ainm aon tuismitheora, aon chaomhnóra nó aon linbh do scoileanna.

Tuilleadh faisnéise faoi thrí phríomhcheist an tsuirbhé

Cuirtear líon beag ceisteanna sa suirbhé, lena n-áirítear ceisteanna faoi na réimsí seo a leanas:

1. Scoil chomhoideachais nó scoil aonghnéis
2. Pátrúnacht/éiteas
3. Teanga (oideachas trí Bhéarla nó oideachas trí Ghaeilge)

Mínítear gach ceann de na réimsí sin thíos.

1. Míniú ar scoil chomhoideachais nó scoil aonghnéis

Cuireann thart ar 90% de bhunscoileanna in Éirinn oideachas ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní i ngach rang. Tugaimid 'comhoideachas' air sin. Is bunscoileanna aonghnéis iad an 10% eile nó mar sin de scoileanna agus cuireann siad oideachas ar fáil do bhuachaillí agus dóibh sin amháin nó do chailíní agus dóibh sin amháin i roinnt ranganna nó i ngach rang.

Cineál Scoile	An neaschéatadán de bhunscoileanna
Bunscoileanna comhoideachais (scoileanna ina gcuirtear oideachas ar bhuachaillí agus ar chailíní san aon scoil amháin)	90%
Bunscoileanna aonghnéis	10%

2. Míniú ar phátrúnacht/éiteas

Maidir leis na bunscoileanna aitheanta uile (beag beann ar an bpátrún atá acu):

- leanann siad an curaclam náisiúnta
- leanann siad rialacha agus rialacháin na Roinne Oideachais agus Óige
- tá pátrún scoile acu.

Ceapann an pátrún scoile Bord Bainistíochta chun an scoil a bhainistiú thar a cheann. Faoin Acht Oideachais, 1998, is é an pátrún a chinneann éiteas na scoile freisin.

Éiteas na mBunscoileanna	
Sainchreidmheach – Caitliceach	88.3%
Sainchreidmheach – Reiligiúin eile, Eaglais na hÉireann den chuid is mó	6.2%
Il-sainchreidmheach	5.5%

Foghlaimíonn leanaí i scoileanna il-sainchreidmheacha faoi gach creideamh agus tuairim mar chuid den lá scoile. Úsáideann siad cláir il-sainchreidmheacha amhail na cláir seo a leanas:

- 'Goodness Me! Goodness You!' ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann do Phobalscoileanna Náisiúnta
- 'Learn Together' ó Oideachas Le Chéile
- 'Croí na Scoile' ón bhForas Pátrúnachta.

3. Míniú ar theanga (oideachas trí Bhéarla nó oideachas trí Ghaeilge)

Múineann 92% de bhunscoileanna trí mheán an Bhéarla go príomha. Múineann 8% de bhunscoileanna atá fágtha trí Ghaeilge go príomha. Leanann gach scoil aitheanta an curaclam náisiúnta.

Teanga an Teagaisc	Céatadán na mbunscoileanna
Oideachas trí mheán an Bhéarla	92%
Oideachas trí mheán na Gaeilge	8%